



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0296 (NLE)

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair
2023
(OR. en)

12362/1/23
REV 1
LIMITE

POLCOM 185
WTO 125
AGRI 459
UD 166
UK 159

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach



COMHAONTÚ I bhFOIRM
MALARTÚ LITREACHA
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS POBLACHT ARABACH NA hÉIGIPTE
DE BHUN AIRTEAGAL XXVIII
DEN CHOMHAONTÚ GINEARÁLTA UM THARAIFÍ AGUS TRÁDÁIL (CGTT) 1994
A BHAINNEANN LE MODHNÚ LAMHÁLTAS
AR NA TARAIF-CHUÓTAÍ UILE A ÁIRÍTEAR I SCEIDEAL CLXXV AN AONTAIS
DE THORADH THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE
AS AN AONTAS EORPACH

A. Litir ón Aontas Eorpach

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2.

Ar thabhairt i gcrích na caibidlíochta, tháinig Poblacht Arabach na hÉigipte agus an tAontas Eorpach ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

Gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 agus chun críocha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach amháin, aontaíonn an Éigipt leis an bprionsabal agus leis an modheolaíocht maidir leis na gealltanais chainníochtúla sceidealaithe a chionroinnt i bhfoirm tharaif-chuótaí an Aontais Eorpaigh a raibh an Ríocht Aontaithe san áireamh ann i gcás ina bhfuil cainníocht chionroinnte glactha ag an Aontas Eorpach nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh ann a thuilleadh, agus an chuid eile den chainníocht glactha ag an Ríocht Aontaithe.

I ndáil le taraif-chuóta 048 (cúcamair, iad úr nó fuaraithe, ón 1 Samhain go dtí an 15 Bealtaine) i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2, aontaíonn an Éigipt agus an tAontas Eorpach leis an athrú seo a leanas ar an ngealltanais sceidealaithe: déanfar méid an Aontais den chuóta *erga omnes* sin a choigeartú go 647 dtona.

I ndáil le taraif-chuóta 048, aithneoidh an tAontas Eorpach ceart caibidlíochta tosaigh na hÉigipte.

Aithníonn an tAontas Eorpach agus an Éigipt go bhfuil an tAontas Eorpach ag leanúint de chaibidlíocht agus de chomhairliúcháin a dhéanamh le Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar na comhairliúcháin sin, féadfaidh an tAontas Eorpach breithniú a dhéanamh maidir le hathrú ar an méid a leagtar amach thuas maidir le taraif-chuóta 048. I gcás athrú den sórt sin, rachaidh an tAontas Eorpach i gcomhairle leis an Éigipt d'fhonn toradh atá sásúil don dá thaobh a lorg sula rachaidh sé ar aghaidh le haon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach Páirtí faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Éigipt fógra dá chéile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo curtha i gcrích acu. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go gcomhaontaíonn do Rialtas leis an méid thuas.

Tá sé d'onóir agam a mholadh, má tá an méid seo thuas inghlactha ag do Rialtas, gurb é atá sa litir seo agus do deimhniú i dteannta a chéile Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) de CGTT 1994.

Glac uaim, a Dhuine Uasail, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

B. Litir ó Phoblacht Arabach na hÉigipte

A Dhuine Uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar a leanas:

‘Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2.

Ar thabhairt i gcrích na caibidlíochta, tháinig Poblacht Arabach na hÉigipte agus an tAontas Eorpach ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

Gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 agus chun críocha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach amháin, aontaíonn an Éigipt leis an bprionsabal agus leis an modheolaíocht maidir leis na gealltanais chainníochtúla sceidealaithe a chionroinnt i bhfoirm tharaif-chuótaí an Aontais Eorpaigh a raibh an Ríocht Aontaithe san áireamh ann i gcás ina bhfuil cainníocht chionroinnte glactha ag an Aontas Eorpach nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh ann a thuilleadh, agus an chuid eile den chainníocht glactha ag an Ríocht Aontaithe.

I ndáil le taraif-chuóta 048 (cúcamair, iad úr nó fuaraithe, ón 1 Samhain go dtí an 15 Bealtaine) i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2, aontaíonn an Éigipt agus an tAontas Eorpach leis an athrú seo a leanas ar an ngealltanas sceidealaithe: déanfar méid an Aontais Eorpaigh den chuóta *erga omnes* sin a choigeartú go 647 dtóna.

I ndáil le taraif-chuóta 048, aithneoidh an tAontas Eorpach ceart caibidlíochta tosaigh na hÉigipte.

Aithníonn an tAontas Eorpach agus an Éigipt go bhfuil an tAontas Eorpach ag leanúint de chaibidlíocht agus de chomhairliúcháin a dhéanamh le Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar na comhairliúcháin sin, féadfaidh an tAontas Eorpach breithniú a dhéanamh maidir le hathrú a dhéanamh ar an méid a leagtar amach thuas maidir le taraif-chuóta 048. I gcás athrú den sórt sin, rachaidh an tAontas Eorpach i gcomhairle leis an Éigipt d'fhonn toradh atá sásúil don dá thaobh a lorg sula rachaidh sé ar aghaidh le haon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach Páirtí faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Éigipt fógra dá chéile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo curtha i gcrích acu. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go gcomhaontaíonn do Rialtas leis an méid thuas.

Tá sé d'onóir agam a mholadh, má tá an méid seo thuas inghlactha ag do Rialtas, gurb ionann an litir seo agus do dheimhniú, i dteannta a chéile, agus Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) de CGTT 1994.'

Leis seo, tá sé d'onóir agam comhaontú mo Rialtais leis an litir thuas a chur in iúl.

Thar ceann Phoblacht Arabach na hÉigipte